V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11187 - MITSUI / CELANESE / NUTRINOVA JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 285/07)

1. An 27 Iúil 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Mitsui & Co. Ltd. ('Mitsui', an tSeapáin),

— Celanese Corporation ('Celanese', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— Nutrinova B.V. ('Nutrinova JV', an Ísiltír), atá faoi rialú Celanese.

Gheobhaidh Mitsui agus Celanese rialú comhpháirteach ar Nutrinova JV de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta trádála, bainistíochta gnó agus forbartha tionscadal í Mitsui atá gníomhach in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear ceimiceáin bhunúsacha, ceimiceáin feidhmíochta, agus acmhainní bia.

— Is táirgeoir domhanda polaiméirí monaraithe ardfheidhmíochta é Celanese, polaiméirí a úsáidtear i réimse feidhmeanna ardluacha, chomh maith le táirgí aicéitile a úsáidtear mar cheimiceáin idirmheánacha do mhórthionscail.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó Nutrinova JV:

— táirgeadh agus soláthar an mhilseora potaisiam aicéasuilféime ('Ace-K'), na leasaitheach sorbáit photaisiam agus aigéad sorbach, agus sulfáite amóiniam a úsáidtear mar leasachán agus chun insliú a tháirgeadh.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 5 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11187 - MITSUI / CELANESE / NUTRINOVA JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.